An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht Ábhair: Ceol
TUAIRISC

Gaelcholáiste Reachrann
Domhnach Míde, Baile Átha Cliath 13
Uimhir rolla: 76085N

Dáta na cigireachta: 18 Aibreán 2012

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA CHEOL

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dátaí na cigireachta	17 agus 18 Aibreán 2012
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha • Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí • Caidreamh le scoláirí	• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith cúig thréimhse ranga • Athbhreithniú ar obair na scoláirí • Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí

PRÍOMHCHINNTÍ

- Tá cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Cheol go han-mhaith sa scoil seo.
- Bhí luas cuí faoi na ceachtanna uile agus bhí cuspóir agus leanúnachas ag baint leo.
- Déantar meastóireacht ar obair na scoláirí ach tá réimsí le haghaidh forbartha ina leith seo.
- Bhí gníomhaíochtaí don cheolchasadh sna ceachtanna uile, seinm rithimí san áireamh.
- Tá líon na scoláirí atá ag gabháil don cheol go han-mhaith.
- Bhí pleanáil agus ullmhúchán do na ceachtanna uile go han-mhaith ach tá leibhéal na comhphleanála teoranta.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Tá gá lena chinntiú go ndéantar obair na scoláirí a mharcáil go rialta agus go bhfuil cur i bhfeidhm na gcritéar meastóireachta comhsheasmhach i measc bhaill uile roinn an cheoil.
- Tá sé tábhachtach ligean do scoláirí patrúin rithime a bhualadh go neamhspleách ar an múinteoir.
- Á chur san áireamh leibhéal comhlántach na scileanna agus an tsaineolas atá le fáil sa roinn, tá scóip ann chun leibhéal na comhphleanála a mhéadú.

RÉAMHRÁ

Roinneann Gaelcholáiste Reachrann campas le Coláiste Pobail na Gráinsí. Tá 304 scoláire, idir bhuachaillí agus chailíní, ar rolla na scoile. Cuirtear oideachas ar fáil trí mheán na Gaeilge. Cuireann an scoil cláir an Teastais Shóisearaigh, na hIdirbhliana agus na hArdteistiméireachta ar fáil.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Tá cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Cheol go han-mhaith sa scoil seo. Roinneadh cuspóirí foghlama leis na scoláirí ag an tús.
- I gcás amháin, bhí comhchodanna éagsúla an tsiollabais comhtháite ins na ceachtanna, agus ar an gcaoi sin cuireadh timpeallacht foghlama spreagthach ar fáil do na scoláirí. I gceachtanna eile, rinne scoláirí cleachtadh dá meastóireacht teistiméireachta ar cheolchasadh a bhí ag teacht, rud a bhí oiriúnach an tráth sin den bhliain.
- Bhí luas cuí faoi na ceachtanna uile, agus cuspóir agus leanúnachas ag baint leo. Úsáideadh réimse de mhodheolaíochtaí ach tá scóip ann chun obair phéire agus grúpobair a chomhtháthú do roinnt gníomhaíochtaí cumadóireachta.
- Príomhghnéithe sna ceachtanna uile ab ea forbairt scileanna na scoláirí. Mar shampla, forbraíodh scileanna praiticiúla agus cumadóireachta na scoláirí go maith le linn ceachta amháin. Ina theannta sin, tapaíodh deiseanna chun ceolchasadh a chomhtháthú le cumadóireacht, agus bhí an-rath air seo.
- Rinneadh forbairt ar litearthacht agus uimhearthacht an cheoil a chomhtháthú go maith i ngach ceacht. D'oibrigh go han-mhaith leis seo nuair a ghluais na múinteoirí timpeall an tseomra ag tabhairt tacaíochta do scoláirí aonair.
- Bunaíodh naisc a bhí go han-mhaith le foghlaim roimhe ag tús na gceachtanna. Thacaigh an cur chuige seo leis an leanúnachas, le comhtháthú an ábhair nua agus le forbairt gan uaim an cheachta. Rinne na straitéisí a úsáideadh an fhoghlaim agus ullmhacht na scoláirí do scrúduithe a dhaingniú.
- Bhí bainistiú an tseomra ranga go han-mhaith ar an iomlán agus i gcoitinne chuidigh eagrú an tseomra ranga leis an bhfoghlaim. Mar sin féin, i gceacht amháin, tugadh obair scríofa do mhionlach scoláirí nár iarradh orthu páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht phraiticiúil rang-bhunaithe. Ní dhearnadh monatóireacht ar na scoláirí seo le linn an cheachta agus, de réir a chéile, ní raibh siad gafa leis an obair. I gceacht mar seo, tá sé tábhachtach monatóireacht a dhéanamh ar na scoláirí uile de réir mar a oibríonn siad d'fhonn a chinntiú go gcuirtear na tascanna ar fad i gcrích laistigh den am atá leagtha amach dóibh.
- Tugadh tacaíocht mhaith do na scoláirí uile ina bhfoghlaim trí straitéisí éifeachtúla idirdhealaithe. Bhí ard-ionchais ag múinteoirí i leith na scoláirí, ag teacht lena gcumais agus a stíleanna foghlama.
- Bhí gníomhaíochtaí don cheolchasadh sna ceachtanna uile, seinm patrún rithimí san áireamh. Mar sin féin, d'fhonn cumas na scoláirí le bualadh bos a dhéanamh go cruinn a ríomh, ba chóir deiseanna a thabhairt dóibh chun ceolchasadh a dhéanamh neamhspleách ar an múinteoir.

- Cuireadh leis an bhfoghlaim trí chaidreamh múinteoir-scoláire den scoth, atmaisféar an-mhaith, ionchais arda agus dearbhú ar iarrachtaí na scoláirí a bhí le sonrú sna ceachtanna ar fad. Cuidíodh le scoláirí a bheith gníomhach ina bhfoghlaim agus thacaigh sé seo, mar aon leis an atmaisféar an-dearfach sa seomra ranga, le leibhéil arda rannpháirtíochta agus inspreagtha ó na scoláirí.
- Rinneadh iarrachtaí a bhí go han-mhaith le hatmaisféar foghlama bríomhar a chruthú. Tá póstaeir ar taispeáint a léiríonn coincheapa éagsúla ceoil a chuimsíonn snáitheanna éagsúla an Cheoil. Mar sin féin, bhí difir sa mhéid díobh seo a bhí sa dá sheomra ranga. Ba chóir aghaidh a thabhairt air seo.
- Bhí meastóireacht ar obair na scoláirí ar siúl le linn na gceachtanna agus tá meastóireacht á déanamh ar obair na scoláirí. Mar sin féin, tá roinnt réimsí le haghaidh forbartha ina leith seo: tá scóip ann don bheirt mhúinteoirí obair na scoláirí a mharcáil níos minice; ba chóir obair bhaile a chur san áireamh sna cuntais ghairide ag na múinteoirí ar obair na scoláirí; ba chóir don bheirt mhúinteoirí samplaí d'obair scríofa na scoláirí a mhalartú ar a chéile agus é a mheas chomh maith le gníomhaíochtaí praiticiúla d'fhonn a chinntiú go bhfuil na gnásanna marcála comhsheasmhach tríd síos i roinn an cheoil.
- Tá neart dáileán agus bileoga oibre á dtabhairt ag múinteoirí do scoláirí chun tacú lena bhfoghlaim agus tá sé seo go han-mhatih. Mar sin féin, tá sé tábhachtach go múinfí do scoláirí na hábhair seo ar fad a stóráil go cúramach, agus ba chóir do na múinteoirí monatóireacht rialta a dhéanamh air seo.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tá líon na scoláirí atá ag gabháil don Cheol sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach araon go han-mhaith. Beart an-dearfach freisin is ea an Ceol a bheith mar chomhchuid éigeantach de chlár na hIdirbhliana toisc go bhfeabhsaíonn sé forbairt scileanna agus go dtacaíonn sé le scoláirí chun cinneadh eolasach a dhéanamh agus Ceol á roghnú acu do chlár na hArdteistiméireachta.
- Tá an soláthar amchláir don Cheol ag teacht le moltaí an tsiollabais.
- Tá teicneolaíocht an cheoil ar fáil mar rogha don chuid phraiticiúil de na scrúduithe teistiméireachta.
- Tá dhá sheomra ceoil ar fáil do theagasc an Cheoil agus tá sé seo go han-mhaith. Tá foirgneamh réamhdhéanta dáilte ar mhúinteoir amháin. Dé réir mar a bhíonn airgead ar fáil, chuirfeadh ceannach méarchláir leis na hacmhainní sa seomra seo.
- Tá beirt mhúinteoirí ceoil láncháilithe i roinn an cheoil. Tacaíonn an bhainistíocht shinsearach agus an bord bainistíochta le cúrsaí cuí um fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL), staidéar breise agus ballraíocht ar chumann ábhair gairmiúil. Spreagtar an bheirt mhúinteoirí chun freastal ar chomhdhálacha á n-eagrú ag Cumann na Múinteoirí Ceoil Iar-bhunscoile (PPMTA).
- Tugtar an deis do scoláirí páirt a ghlacadh i réimse de ghníomhaíochtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim a bhaineann le ceol agus moltar tiomantas na múinteoirí ceoil ina leith seo.
- Áiríonn na modhanna meastóireachta scrúduithe foirmiúla, meastóireacht leanúnach agus roinnt monatóireachta ar obair bhaile. Eagraítear cruinniú tuismitheoirí-múinteoirí uair in

aghaidh na bliana do gach bliainghrúpa agus seoltar tuairiscí chuig na tuismitheoirí i rith na bliana.

-

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Tugtar am foirmiúil do roinn an Cheoil cruinniú lena chéile ach níor coinníodh aon taifead ar chruinnithe dá leithéid. Tá sé tábhachtach miontuairiscí mionsonraithe a choinneáil a léiríonn réimse na dtopaicí atá á bplé.
- Tá pleanáil aonair do cheachtanna go han-mhaith. Mar sin féin, á chur san áireamh leibhéal comhlántach na scileanna agus an tsaineolais atá le fáil sa roinn, tá scóip ann chun leibhéal na comhphleanála a mhéadú. Chuirfeadh cleachtas mar seo deiseanna luachmhara ar fáil chun tuairimí agus deachleachtais a chomhroinnt.
- Ba chóir pleanáil ábhair a fhorbairt trí spriocanna fadtéarma a shocrú ar mhaithe le roinn an cheoil a fhorbairt, agus ba chóir go léireodh na scéimeanna oibre cé mar atá na trí chomhchuid den Cheol á gcomhtháthú.
- Tá an clár pleanáilte don Idirbhliain go han-mhaith agus tá réimse leathan gníomhaíochtaí ann do scoláirí.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí ábhair.

Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.

Foilsithe Deireadh Fómhair 2012